


Gníomhaíochtaí Daltaí: Tógáil 22 (Ardleibhéal amháin)

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Tógáil 22” ar CD an Dalta.

Tógáil 22: Ingearlár triantáin a thógáil.



1. Cad a bhíonn i gceist nuair a deirtear go bhfuil líne ingearach le líne eile?

2. Conas a aimsíodh na pointí D, E agus F?

3. Liostaigh an prótacal nuair atá ingearlár triantáin le haimsiú.

4. Bog na pointí sa triantáin. An bhfuil na hingir ó na reanna go dtí na sleasa urchomhaireacha comhchumarach i gcónaí agus an triantán ag athrú? Cad a thugtar ar an bpointe ag a dtrasnaíonn siad a chéile?

5. Cad a bhíonn i gceist leis an bpointe ar a dtugtar an t-ingearlár i dtriantán ar bith?

6. Bog na pointí A, B agus/nó C agus féach an bhféadfadh ingearlár triantáin a bheith lasmuigh den triantán.

7. Aimsigh ingearlár gach triantáin thíos.

